Polasaí na Gaeilge

Siad an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach na bunchlocha ar a bhfuil Coláiste Eoin tógtha. Is í an Ghaeilge teanga chaidrimh na mac léinn ar scoil agus ar aon ócáid ar a mbuaileann na mic léinn le chéile. Sa chás go dtagtar ar mhac léinn ar bith ag labhairt i mBéarla le linn imeachtaí scoile, leanfar an nós imeachta seo a leanas.

1. Má chliseann ar dhalta cloí le Riail Labhartha na Gaeilge, cuirfear faoi chúram a Mhúinteoir Ranga é go dtí go ndéanfar teagmháil bhéil lena thuismitheoir / caomhnóir.
   - Tabharfar an scoláire os comhair Choiste na Gaeilge.
   - Iarrfar air míniú a thabhairt ar an eachtra a tharla agus léireofar dáiríreacht an cháis dó.
   - Cuirfidh Coiste na Gaeilge pionós cuí i bhfeidhm m.sh. aistarraingt ó fhoirne spóirt an Choláiste nó pribhléid eile a cheilt air.
   - Cuirfear nóta sa Dialann Scoile, coimeádfar taifead cruinn ar an eachtra agus cuirfear nóta ag foláireamh fionraí i gcás treascartha eile abhaile go dtí an tuismitheoir / caomhnóir.

2. Má tharlaíonn an dara cliseadh ar Riail Labhartha na Gaeilge le linn na scoilbhliana, cuirfear an scoláire ar fionraí lae ón gColáiste agus ní cheadófar dó filleadh go dtí go
   - mbuaileann a thuismitheoir / chaomhnóir leis an Leas-Phríomhoide.
   - Tabharfar an scoláire os comhair Choiste na Gaeilge arís agus déanfar an cás a chíoradh.
   - Cuirfear nóta sa Dialann Scoile agus coimeádfar taifead cruinn ar an eachtra.

3. Sa chás go gcliseann ar dhalta cloí le Riail Labhartha na Gaeilge don tríú h-uair le linn na scoilbhliana, cuirfear chuig an príomhoide é agus cuirfear ar fionraí ón scoil é.
   - Tiocfaidh sé os comhair Choiste na Gaeilge ar fhilleadh ar scoil dó.
   - Cuirfear nóta sa Dialann Scoile agus coimeádfar taifead cruinn ar an eachtra.
   - Ullmhóidh Coiste na Gaeilge tuairisc faoin scoláire a chuirfear faoi bhráid an Bhord Bainistíochta.

Agus an polasaí seo á chur i bhfeidhm, léireofar tuiscint ar leith do scoláirí i mBliain 1 a d'fhreastal ar bhunscoil nach í an Ghaeilge príomh theanga feidhmithe na scoile.

Polasaí na Gaeilge

The Irish language and culture are the foundation stones upon which Coláiste Eoin is built. Irish is the language of communication in school and on all occasions when students assemble. Where it occurs that a student speaks in English during school activities, the following procedure will be followed.

1. Where a student is in breach of the rule with regard to the speaking of Irish, he will be come under the direction of his Class Teacher pending verbal contact with parent / guardian.
   - The student will appear before Coiste na Gaeilge.
   - He will be requested to provide an explanation of the incident and the seriousness of the breach will be outlined to him.
   - Coiste na Gaeilge will implement an appropriate sanction e.g. exclusion from school sports teams or the withdrawal of other privileges.
   - A note will be entered in the student's journal, an accurate record of the incident will be kept and parent / guardian will be informed in writing that a further breach will incur suspension.

2. Should a student breach Riail na Gaeilge on a second occasion within the school year, the student will be suspended from school for one day and may not return pending arrangement of a meeting between parent / guardian and the Deputy Principal.
   - The student will again appear before Coiste na Gaeilge .
   - A note will be entered in the student's journal and an accurate record of the incident will be kept.

3. Where a third breach of Riail na Gaeilge occurs within the school year, the student will be sent to the Principal and he will be suspended from school.
   - He will come before Coiste na Gaeilge on his return to school.
   - The incident will be noted in the student's journal and an accurate record will be kept.
   - A report on the student will be prepared by Coiste na Gaeilge for consideration by the Board of Management.

In implementing this policy, due consideration will be given to 1st Year students who have attended a primary school in which the Irish language is not the normal language of communication.